Meastóireacht ar an Scéim Dheontais Taighde don Earnáil Phobail agus Dheonach 2001-2005

(2007)

NACD
Coiste Comhairleach Náisiúnta ar Dhrugaí

Taighde arna dhéanamh ag:

Kate Ennals Associates

Aidhm:

Ba é cuspóir na meastóireachta seo ná a dhéanamh amach conas a comhlíonadh na haidhmeanna agus cuspóirí don scéim, an próiseas a bhí i gceist a mheasúnú chomh maith lena éifeachtaí is a cuireadh an scéim i ngníomh. Scrúdaíodh sochair agus dúshláin don CCND, do na dreamanna ar tugadh na deontais dóibh (deontaithe) agus don phobal.

Modh:

Is éard a bhí i gceist leis an bpróiseas ná taighde ón deisc lenar cuimsíodh na tuairiscí, comhaid, miontuairiscí agus cáipéisí an CCND a bhain leis an Scéim Dheontais don Earnáil Phobail agus Dheonach (SDEPD). Tharla agallaimh leis an gceithre ghrúpa pobail a chuir an taighde i gcrích agus reáchtáladh seisiúin mheastóireachta i ngrúpaí fócais le baill agus baill foirne an CCND agus leis na grúpaí pobail freisin (deontaithe).

Faighteoirí:

Ba iad ceithre fhaighteoir an deontais a chuir tionscadail taighde i gcrích ná:

- Clár Aicsin Óige Bhaile Munna (CAÓBM):
  Benzodiazepines – Whose Little Helper?
- Tionscadal Pobail Chósta Chill Bharróg (TPCCB):
  A Prevalence Study of Drug Use by Young People in a Mixed Suburban Area
- Cé na gCeannaithe Éireann (CCÉ):
  Drug Use Among New Communities in Ireland: An Exploratory Study
- Aonad Comhairle Thamhlachta do Dhaoine Gan Dídean (ACTDGD):
  Heroin – The Mental Roof Over Your Head

Príomhthorthaí:

- Cé gur beag taithí a bhí ag an gCCND ar scéimeanna deontais a bhainistiú, mheas na deontaithe go raibh na tacaí agus na hacmhainní a sholáthair sé go hiontach agus gur tairbheach dóibh iad
- Chuir an obair leis an scéim a bhainistiú agus le tacaíocht theicniúil a sholáthar ualach riaracháin ar an gCCND
- Ba chosúil nach raibh cúrsaí sách soiléir ó thaobh a thábhachtaí is a bhí an scéim laistigh de chlár saothair lárnach an CCND
- Níor léirigh na critéir mheasúnachta aidhmeanna agus cuspóirí tosaigh na scéime go hiomlán.

Léiríodh sochair na scéime mar seo a leanas:

- Táirgeadh agus foilsíodh ceithre thuairisc taighde ardchaighdeáin
- Fuarthas agus rinneadh doiciméadú ar fhaisnéis ardchaighdeáin nua
- Fuair grúpaí pobail scileanna nua maidir le modheolaíochtaí taighde
- Méadú i bpróifilí agus i muinín in eagraíochtaí pobail
- Feasacht níos mó ar shaincheisteanna ó thaobh drugaí i bpobail áitiúla
- Roinnt athruithe ar pholasaithe agus ar ghníomhaíochtaí áitiúla (CAÓBM/CCÉ)
- Chruthaigh agus d'fhorbair eagraíochtaí pobail comhpháirtíochtaí agus comhaontais nua
- Forbraíodh líonra nua nasc agus teagmhálacha san earnáil phobail don CCND
- Deimhníodh sochar na modheolaíochta cáilíochtúla agus an taighde phobail.

Moltaí ó Thuairisc na Meastóireachta

- Ba cheart go ndéanfaí scéim dhébhliantúil den SDEPD, mar gheall ar na sochair a leagadh amach
- Ba chóir brúnna ar acmhainní don CCND a laghdú
- Ba chóir don CCND nascadh le struchtúir atá bunaithe cheana féin ag leibhéal réigiúnach chun tacú le heagraíochtaí pobail i gcompháirtíocht le FSND
- Ba chóir don CCND Grúpaí Comhairleacha Réigiúnacha um Thaighde a bhunú chun tacú leis na heagraíochtaí pobail sin a n-éireodh leo deontas a fháil
- Creatlach shoiléir a chun ar bun chun struchtúr bainistíochta a sholáthar chomh maith le naisc dhíreacha le clár saothair an CCND
- Cuspóirí comhaontaithe a dhéanamh amach, chomh maith le critéir mheasúnachta ábhartha, agus úinéireacht agus ról an CCND a shoiléiriú
- Comhchodanna ó thaobh ghréasáin oibre agus oiliúna a láidriú chun tacú leis an scéim.

Conclúidí an CCND

Tar éis dó tuairisc na meastóireachta a bhreithniú, tháinig an CCND ar an gconclúid nach raibh sé de chumas aige scéim dheontais eile a reáchtail. Agus an cinneadh seo á dhéanamh aige, chuir an CCND líon na dtionscadal taighde a maoiníodh in 2006, agus a bhí pleanáilte i gcomhair 2007 trí FSND agus phróiseas na dTascfhórsaí Áitiúla agus Réigiúnacha ar Dhrugaí, san áireamh freisin. Chomhaontaigh an CCND gurbh é an úsáid ab fhearr a d'fhéadfaí a bhaint as a acmhainní ná tacaíocht a thabhairt do na Tascfhórsaí ar Dhrugaí agus d'FSND lena dtionscadail taighde féin a fhorbairt agus a bhainistiú. Tháinig sé ar an gconclúid go bhfuil deis níos mó ag pobail le haghaidh taighde anois ná mar a bhí nuair a tionscnaíodh an scéim.

CCND, 3ú hUrlár, Bóthar Shíol Bhroin, Droichead na Dothra, Baile Átha Cliath 4
Teil: +353 (0)1 667 0760. Idirlíon: www.nacd.ie rphost: info@nacd.ie